



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

13299/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0335(NLE)**

**ECOFIN 913
FIN 947
UEM 252**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	22 Meán Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 555 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10149/2021; ST 10149/2021 ADD 1) an 6 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 555 final.

Faoi iamh: COM(2023) 555 final



An Bhruiséal, 22.9.2023
COM(2023) 555 final

2023/0335 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10149/2021; ST 10149/2021 ADD 1) an 6 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile

{SWD(2023) 318 final}

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10149/2021; ST 10149/2021 ADD 1) an 6 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Phortaingéil an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 22 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhorghníomhaigh an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme an 6 Iúil 2021 ón gComhairle².
- (2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022 chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
- (3) An 26 Bealtaine 2023 chuir an Phortaingéil plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.
- (4) Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe san áireamh freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241, áirítear leis iarraidh ar thacaíocht iasachta chun tacú le athchóirithe agus infheistíochtaí breise i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis freisin iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla go páirteach. Baineann na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

² ST ST 10149/2021; ST 10149/2021 ADD1;

athléimneachta náisiúnta a thíolaic an Phortaingéil le 75 bheart faoi Airteagal 18(2) agus Airteagal 21.

- (5) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Phortaingéil i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle go bhfeabhsódh an Phortaingéil éifeachtacht na gcóras cánach agus cosanta sóisialta, an t-aistriú i dtreo gilleagar ciorclach, go laghdófaí an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise, go gcuirfeadh sí dlús le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh trí eangacha leictreachais a uasghrádú agus trí na próisis cheadaithe a shimpliú, go méadódh sé idirnascadh, stóráil agus digitiú leictreachais, agus go neartódh sí dreasachtaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh.
- (6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, próiseas a raibh údarais áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán 2021/241

- (7) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Phortaingéil isteach tugtar 35 bheart cothrom le dáta chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Phortaingéil, toisc gur tháinig méadaíodh an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 13 907 294 284³ go EUR 15 540 390 877,⁴ go raibh sí in ann 21 bheart nua a mholadh agus uaillmhian na n-infheistíochtaí atá ann cheana a mhéadú.
- (8) Sa phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe tá 21 bheart nua faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte, comhchuid 2: Tithíocht; comhchuid 3: Freagairtí sóisialta; comhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht; comhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna; comhchuid 10: An Fharraige; comhchuid 12: Bithgheilleagar; comhchuid 15: Soghluaisteacht Inbhuanaithe; comhchuid 16: Fiontair 4.0; comhchuid 17: Cáilíocht agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí; agus comhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach.
- (9) Áirítear trí athchóiriú nua ar na bearta sin: athchóiriú RE-C03-r38: Le Simpliú agus le hÉifeachtacht an Chórais Slándála Sóisialta, tugtar isteach aon sochar sóisialta amháin faoi chomhchuid 3: Freagairtí sóisialta; athchóiriú TC-C12-r39: Le cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh agus bainistiú dramhaíola níos éifeachtúla, bunaítear gníomhaíochtaí éagsúla chun athchúrsáil agus aisghabháil a spreagadh chun dramhaíl a atreorú ó líonadh talún agus ó loisceoirí faoi chomhchuid 12: Bithgheilleagar; athchóiriú TD-C17-r40: Le Simpliú an Chórais Cánach, tugtar isteach córas chun

³ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Phortaingéile de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

⁴ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Phortaingéile de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar shochair chánach nua agus ar shochair chánach atá ann cheana trí aonad teicniúil nua a bhunú chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartais fhioscacha, agus tríd an líon sochar cánach a laghdú, faoi chomhchuid 17: Cáilíocht agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí.

- (10) Áirítear 18 infheistíocht nua ar na bearta sin freisin: infheistíocht RE-C01-i10 – Clár Nuachóirithe Teicneolaíochta na Seirbhíse Sláinte Náisiúnta, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte, arb é atá inti trealamh leighis trom a cheannach d’ospidéal; infheistíocht RE-C02-i07: Bonneagar le haghaidh dáileachtaí talún le haghaidh tithíocht chónaitheach, faoi chomhchuid 2: Tithíocht, chun bonneagar a thógáil nó bonneagar atá ann cheana a fheabhsú maidir le tógáil dáileachtaí talún a bheidh le leithdháileadh ar iarrthóirí roghnaithe; infheistíocht RE-C02-i08-RAA: Atreisiú an stoic tithíochta sóisialta, faoi chomhchuid 2: Tithíocht, chun 3 640 aonad tithíochta bhreise a sholáthar do theaghlaigh; infheistíocht RE-C03-i07-RAA: An líonra tithíochta cúraim chónaithe do dhaoine scothaosta a uasghrádú agus a leathnú, faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta, lena leathnaítear agus lena n-athchóirítear na saoráidí atá ann cheana chun cúram baile speisialaithe agus leanúnach a chur ar fáil do dhaoine scothaosta sna hAsóir; infheistíocht RE-C05-i07-RAM: Ionstraimí caipitlithe do chuideachtaí i Maidéara, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus nuálaíocht, chun ráthaíochtaí iasachtaí a sholáthar chun tacú le fiontair i Maidéara; infheistíocht RE-C05-i08: Níos Mó Eolaíocht Dhigiteach, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus nuálaíocht, chun dlús a chur le haistriú digiteach an Chórais Náisiúnta um Eolaíocht agus Teicneolaíocht; infheistíocht RE-C05-i09: Uas-scálú: Cláir Oibre a Shlógadh/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus nuálaíocht, chun an líon bpróiseas, táirgí agus seirbhísí a thagann as cláir oibre nuálaíochta a mhéadú; infheistíocht RE-C05-i10: Uas-scálú: Cláir Oibre Ghlasa/Comhghuaillithe don nuálaíocht ghnó, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht, chun an líon bpróiseas, táirgí agus seirbhísí a thagann as cláir oibre ghlasa a mhéadú; infheistíocht RE-C06-i06: Cumas san Eolaíocht, faoi chomhchuid 6: Cáilíocht agus Scileanna; chun nuálaíocht agus fiontraíocht a chothú in institiúidí ardoideachais trí thacú, i measc nithe eile, le taighde bunúsach agus le haistriú eolais; infheistíocht RE-C06-i07: Níos Mó Spreagadh Digiteach, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna, chun tacú le hoideachas sna heolaíochtaí talúnacha agus leighis chun dul i mbun dul chun cinn digiteach agus teicneolaíoch agus chun an cumas oiliúna i scileanna digiteacha a mhéadú; infheistíocht RE-C06-i08-RAM: Síneadh a chur le foirgneamh CITMA, faoi chomhchuid 6: Cáilíocht agus Scileanna, arb é atá ann trí urlár breise a thógáil agus síneadh a chur le hurlár talún an fhoirgnimh ina bhfuil Ionad Eolaíochta agus Teicneolaíochta Mhaidéara; infheistíocht TC-C10-i05-RAA: An t-aistriú fuinnimh, digitíú agus laghdú an tionchair ar an gcomhshaol san earnáil iascaigh agus do bharshaothraithe, faoi chomhchuid 10: An Fharráige, chun tacú le tionscadail maidir le feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, táirgeadh dramhaíola agus lorg éiceolaíoch gnólachtaí a laghdú agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn sna hearnálacha iascaigh agus do bharshaothraithe sna hAsóir; infheistíocht TC-C10-i06-RAM: Teicneolaíochtaí aigéanacha, faoi chomhchuid 10: An Fharráige, arb é atá inti soithí taighde ilchuspóireacha atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a thógáil agus feithiclí gan foireann a cheannach le haghaidh taighde muirí; infheistíocht TC-C15-i06: Digitíú an Iompair Iarnróid, faoi chomhchuid 15: Soghluaisteacht Inbhuanaithe, chun córas comharthaíochta Líne Thuaisceart an Iarnróid Náisiúnta a athsholáthar, chun e a dhéanamh idir-inoibritheach leis an líne iarnróid ardluais nua; infheistíocht TD-C16-i04: Tionscal 4.0, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0, chun tacú le tionscadail chun claochlú digiteach cuideachtaí a chothú agus a n-inbhuanaitheacht ó thaobh an

chomhshaoil de a fheabhsú; infheistíocht TD-C16-i05-RAA: Acmhainn Dhigiteach agus Claochlú Fiontar sna hAsóir, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0, chun tacú le digitíú cuideachtaí sna hAsóir agus chun tacú le síneadh a chur leis na bPáirceanna Eolaíochta agus Teicneolaíochta sna hAsóir; infheistíocht TD-C16-i06-RAM: Fiontair 4.0, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0, chun samhlacha gnó FBManna i Maidéara a fheabhsú, chun iad a dhéanamh níos digití, níos iomaíche agus níos athléimní; infheistíocht TD-C19-i08: Críocha Cliste, faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach, chun tacú le pleanáil agus bainistíú cathracha bunaithe ar uirlisí agus beartais sonraibhunnaithe.

- (11) Thairis sin, leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Phortaingéil isteach, athraítear bearta faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte, comhchuid 2: Tithíocht, comhchuid 3: Freagairtí Sóisialta, comhchuid 4: Cultúr, comhchuid 10: An Fharraige, comhchuid 11: An Tionscal a Dhícharbónú, comhchuid 16: Fiontair 4.0, comhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach agus comhchuid 20: an Scoil Dhigiteach, chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a léiriú. Go háirithe, maidir le sprioc 1.15 agus sprioc 1.18 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C01-i01: Cúram sláinte príomhúil le níos mó freagraí, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte; sprioc 3.4 agus sprioc 3.5 d'infheistíocht RE-C03-i01: Glúin nua trealaimh agus freagairtí sóisialta faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta.; sprioc 3.15 d'infheistíocht RE-C03-i04-RAA: an Straitéis Réigiúnach maidir leis an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac a Chur Chun Feidhme, faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta; garsprioc 4.3 agus tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C04-i01: Líonraí Cultúrtha agus an tAistriú Digiteach faoi chomhchuid 4: Cultúr; sprioc 4.8 agus tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C04-i02: Oidhreacht chultúrtha faoi chomhchuid 4: Cultúr; tuairisc ar infheistíocht TC-C10-i04-RAA: Forbairt 'Cluster do Mar dos Açores' faoi chomhchuid 10: An Fharraige; sprioc 11.3 agus tuairisc ar infheistíocht faoi seach TC-C11-i01: An tionscal a dhícharbónú faoi chomhchuid 11: An Tionscal a Dhícharbónú; tuairisc ar chomhchuid 12: Bitheghilleagar; sprioc 16.9 d'infheistíocht TD-C16-i02: Aistriú Digiteach Fiontar faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0; tuairisc ar infheistíocht TD-C19-i05: Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara, faoi chomhchuid 19 – Riarachán poiblí digiteach; garsprioc 19.18 d'infheistíocht TD-C19-i06: Aistriú digiteach an riaracháin poiblí sna hAsóir, faoi chomhchuid 19 – Riarachán poiblí digiteach; sprioc 20.11, sprioc 20.12 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C20-i02-RAA: An t-oideachas digiteach (Na hAsóir) faoi chomhchuid 20: An Scoil Dhigiteach; sprioc 20.15, sprioc 20.16, garsprioc 20.18 agus tuairisc ar infheistíocht TD-C20-i03-RAM: Dlús a chur le digitíú an oideachais i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara faoi chomhchuid 20: An Scoil Dhigiteach, déantar iad sin a athrú chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a mhéadú i gcomparáid leis an bplean bunaidh i dtaca leis an leithdháileadh méadaithe a léiriú. Ina theannta sin, maidir le sprioc 4.12 d'infheistíocht RE-C04-i02: Oidhreacht Chultúrtha faoi chomhchuid 4: Cultúr; garsprioc 10.11 d'infheistíocht TC-C10-i04-RAA: Forbairt 'Cluster do Mar dos Açores' faoi chomhchuid 10: An Fharraige; garsprioc 19.25, garsprioc 19.26 agus garsprioc 19.27 d'infheistíocht TD-C19-i01: Seirbhísí poiblí agus consalachta a athdhearadh faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach; garsprioc 19.28 agus garsprioc 19.29 d'infheistíocht TD-C19-i05: Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara, cuirtear iad sin leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta chun leibhéal an chur chun feidhme is gá a mhéadú, i gcomparáid leis an bplean bunaidh i dtaca leis an leithdháileadh méadaithe a léiriú.
- (12) Mhínigh an Phortaingéil, i bhfianaise athchóiriú nua TD-C19-r42: Córas meastóireachta nua chun lucht saothair an riaracháin poiblí a chumhachtú agus a

athnuachan, córas lena mbunaítear ardán nua SIADAP (Córas Comhtháite chun Feidhmíocht sa Riarachán Poiblí a Bhainistiú agus Meastóireacht a Dhéanamh Uirthi), bhíothas in ann oiliúint a rinneadh ar ardán nua SIADAP a chur san áireamh in infheistíocht TD-C19-i07: Riarachán poiblí a chumhachtaítear luach poiblí a chruthú, faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach. Baineann sé sin le garspíoc 19.21. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil ardán oiliúna SIADAP a áireamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

Iarraidh ar iasacht bunaithe ar Airteagal 14(2) de Rialachán 2021/241

- (13) Sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a thíolaic an Phortaingéil tá iarraidh ar thacaíocht iasachta, chun tacú le seacht mbeart breise arb é atá iontu cúig infheistíocht agus dhá athchóiriú, agus chun cur leis an uaimhian maidir le hinfeistíocht amháin a bhí ann cheana agus ar thacaigh iasachtaí léi roimhe sin, agus chun tacú le cúig infheistíocht ar thacaigh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta leo roimhe sin.
- (14) D'iarr an Phortaingéil tacaíocht iasachta chun cúig infheistíocht nua a mhaoiniú. Ar an gcéad dul síos, déantar infheistíocht RE-C02-i09 Beart uas-scálaithe: Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht (iasacht), cuirtear sin leis an bplean faoi chomhchuid 2: Tithíocht, chun 126 aonad tithíochta a thógáil sna hAsóir. Ar an dara dul síos, déantar infheistíocht RE-C05-i11: Uas-scálú: Cláir Oibre a Shlógadh/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó a chur leis an bplean faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht, chun an líon bpróiseas, táirgí agus seirbhísí a thagann as cláir oibre nuálaíochta a mhéadú. Ar an tríú dul síos, déantar infheistíocht RP-C05-i12: Uas-scálú: Cláir Oibre Ghlasa/Comhghuaillithe don nuálaíocht ghnó (Iasachtaí) a chur leis an bplean faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht, chun an líon bpróiseas, táirgí agus seirbhísí a thagann as cláir oibre nuálaíochta ghlasa a mhéadú. Ar an gceathrú dul síos, déantar infheistíocht RE-C06-i09: Scoileanna nua nó athchóirithe, a chur leis an bplean faoi chomhchuid 6: Cáilíocht agus Scileanna, arb é atá i gceist leis sin bun scoileanna agus meánscoileanna nua nó athchóirithe a thógáil i Maidéara. Ar an gcúigiú dul síos, déantar infheistíocht TC-C10-i07: Loingseoireacht Ghlas, a chur leis an bplean faoi chomhchuid 10: An Fharraige, chun tacú le hidirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh i soithí iompair lastais agus paisinéirí.
- (15) Mhol an Phortaingéil dhá athchóiriú nua ar an riarachán poiblí freisin. Ar an gcéad dul síos, athchóiriú TD-C19-r41: Rochtain ar Sheirbhísí Poiblí: trí rochtain ar an láthair agus rochtain ar líne a chomhchuíbhíú agus a chomhdhlúthú, feabhsaítear an comhordú idir rochtain i bpearsa agus rochtain ar líne ar sheirbhísí poiblí faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach; agus athchóiriú TD-C19-r42: Trí chóras meastóireachta nua chun lucht saothair an riaracháin phoiblí a chumhachtú agus a athnuachan, tugtar isteach córas meastóireachta nua do státseirbhísigh faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach.
- (16) I bhfianaise imeachtaí gan choinne amhail an boilsciú agus suaitheadh sa slabhra soláthair, tá athbhreithniú déanta ag an bPortaingéil ar chostais mheasta a plean téarnaimh agus athléimneachta, rud a fhágann go bhfuil méadú tagtha ar chostais iomlána na mbeart atá le tacú le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta agus le hiasachtaí araon. Agus infhaighteacht na tacaíochta iasachta breise á cur san áireamh, d'iarr an Phortaingéil aghaidh a thabhairt ar na riachtanais airgeadais níos airde sin tríd an tacaíocht do bhearta áirithe a athrú ó thacaíocht neamh-inaisíochta go tacaíocht iasachta.

- (17) Baineann sé sin le: infheistíocht C07-i03: Naisc thrasteorann, faoi chomhchuid 7: Bonneagar; infheistíocht C07-i04: Limistéir Fáiltithe Gnó — Inrochtaineacht ar bhóithre, faoi chomhchuid 7: Bonneagar; infheistíocht RE-C09-i04: Fiontar ilchuspóireach hidrálach Crato, céim na tógála, faoi chomhchuid 9: Bainistiú uisce; infheistíocht C10-i03 - Lárionad Oibríochtaí um Chosaint an Atlantaigh agus ardán cabhlaigh, faoi chomhchuid 10: An Fharraige; agus infheistíocht C15-i03 - Iarnród Éadrom Idirthuais Odivelas – Loures, faoi chomhchuid 15: Soghluaisteach Inbhuanaithe.
- (18) Ina theannta sin, d'iarr an Phortaingéil tacaíocht iasachta bhreise chun cur le huailmhian infheistíochta a bhfuil iasachtaí ag tacú léi cheana féin. Baineann sé sin le hinfeistíocht RE-C02-i06: Cóiríocht do mhic léinn ar phraghsanna inacmhainne agus spriocanna faoi seach 2.26, 2.27 agus 2.28, faoi chomhchuid 2: Tithíocht, ina bhfuil sé beartaithe ag an bPortaingéil 3 000 leapa breise do mhic léinn breise a chur ar fáil.
- (19) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an iarraidh ar thacaíocht iasachta i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán 2021/241.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241

- (20) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Phortaingéil isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 45 mbeart.
- (21) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir 21 bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh laistigh d'amlíne an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar an mboilsciú agus/nó suaitheadh sa slabhra soláthair, rud a d'fhág go raibh nósanna imeachta soláthair ann nár éirigh leo agus/nó rud a bhí ina chúis le moilleanna ar ábhair agus/nó seirbhísí a fháil. Baineann sé sin faoi seach le sprioc 1.14 d'infheistíocht RE-C01-i01: Seirbhísí cúraim sláinte príomhúil le níos mó freagraí, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte; sprioc 1.22 d'infheistíocht RE-C01-i02: Líonra Náisiúnta um Chúram Leanúnach Comhtháite agus Líonra Náisiúnta um Chúram Maolaitheach faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte; agus sprioc 1.34 d'infheistíocht RE-C01-i06: An t-aistriú sláinte digiteach, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte. Baineann sé freisin le spriocanna 2.26, 2.27 agus 2.28 d'infheistíocht RE-C02-i06: Cóiríocht do mhic léinn ar phraghsanna inacmhainne, faoi chomhchuid 2: Tithíocht. Baineann sé freisin le sprioc 3.13 d'infheistíocht RE-C03-i04-RAA: An Straitéis Réigiúnach maidir leis an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac a Chur Chun Feidhme: Líonraí Tacaíochta Sóisialta, faoi chomhchuid 3: Freagairtí sóisialta. Baineann sé freisin le: sprioc 5.19 d'infheistíocht RE-C05-i05-RAA: Téarnamh Eacnamaíoch Thalmhaíochta na nAsór, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus nuálaíocht. Baineann sé freisin le sprioc 6.5 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C06-i02: Gealltanas maidir le Fostaíocht Inbhuanaithe, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus scileanna. Baineann sé freisin le spriocanna 7.14 agus 7.15 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C07-i05-RAA: Ciorcaid Lóistíochta - Líonra Réigiúnach na nAsór faoi chomhchuid 7: Bonneagar. Baineann sé freisin le sprioc 8.12 d'infheistíocht RE-C08-i04: Modhanna chun dóiteáin tuaithe a chosc agus a chomhrac, faoi chomhchuid 8: Foraoisí. Baineann sé freisin le garspriocanna 9.10 agus 9.11 d'infheistíocht RE-C09-i02: Fiontar ilchuspóireach hidrálach Crato, faoi chomhchuid 9: Bainistiú uisce; sprioc 9.12 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C09-i03-RAM: Plean maidir le héifeachtúlacht uisce agus córais soláthair agus uiscithe Mhaidéara a neartú, faoi chomhchuid 9: Bainistiú uisce. Baineann sé freisin le garspriocanna 10.5 agus 10.7

d'infheistíocht TC-C10-i03: Lárionad Oibríochtaí um Chosaint an Atlantaigh agus ardán cabhlaigh, faoi chomhchuid 10: An Fharrage; agus infheistíocht TC-C10-i04-RAA: Forbairt 'Cluster do Mar dos Açores' faoi chomhchuid 10 – An Fharrage. Baineann sé freisin le sprioc 14.3 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TC-C14-i01: Hidrigin agus gáis in-athnuaite faoi chomhchuid 14: Hidrigin agus Fuinneamh In-athnuaite; garsprioc 14.4 agus sprioc 14.5 d'infheistíocht TC-C14-i02-RAM: Neartaitheacht an leictreachais in-athnuaite in Oileánra Mhaidéara, faoi chomhchuid 14: Hidrigin agus Fuinneamh In-athnuaite; spriocanna 14.11, 14.12, 14.13 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TC-C14-i03-RAA: An t-aistriú fuinnimh sna hAsóir, faoi chomhchuid 14: Hidrigin agus Fuinneamh In-athnuaite. Baineann sé freisin le garspriocanna 15.1, 15.2 agus sprioc 15.3 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TC-C15-i01: Leathnú Líonra Meitreo Liospóin — An Líne Dhearg go Alcântara, faoi chomhchuid 15: Soghluaisteacht Inbhuanaithe; garspriocanna 15.4, 15.5 agus sprioc 15.6 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach C15-i02: Leathnú Líonra Meitreo Porto — Casa da Música-Santo Ovídio, faoi chomhchuid 15: Soghluaisteacht Inbhuanaithe; garspriocanna 15.7 agus 15.8 agus sprioc 15.9 d'infheistíocht TC-C15-i03: Iarnród Éadrom Idirthuais Odivelas – Loures, comhchuid 15: Soghluaisteacht Inbhuanaithe; sprioc 15.11 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TC-C15-i04: Mearbhealach Busanna Boavista – Império, faoi chomhchuid 15 Soghluaisteacht inbhuanaithe. Baineann sé freisin le spriocanna 16.5 agus 16.6 d'infheistíocht TD-C16-i02: Aistriú Digiteach Fiontar faoi chomhchuid 16: Fiontar 4.0. Baineann sé freisin le garsprioc 17.9 d'infheistíocht TD-C17-i01: Córais Faisnéise um Bainistíocht Airgeadais Phoiblí faoi chomhchuid 17: Cáilíocht agus Inbhuanaitheacht an Airgeadais Phoiblí. Baineann sé freisin le spriocanna 20.4, 20.5 agus 20.6 d'infheistíocht TD-C20-i01: An t-aistriú digiteach san oideachas faoi chomhchuid 20 – An Scoil Dhigiteach. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil athruithe a dhéanamh agus síneadh a chur le hamlíne cur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna réamhluaite, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (22) Mhínigh an Phortaingéil freisin nach féidir infheistíocht RE-C03-i02: Inrochtaineacht 360°, faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta, a bhaint amach a thuilleadh laistigh d'amlíne an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh toisc go measann an Phortaingéil gur gá na bardasachtaí a bheith ag comhordú na hinfeistíochta sin agus thóg sé am dóibh a bheith in ann na freagrachtaí faoi seach a ghlacadh orthu féin. Baineann sé sin le cur siar sprioc 3.6 d'infheistíocht RE-C03-i02: Inrochtaineacht 360°, faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil síneadh a chur leis an amlíne cur chun feidhme agus an t-athrú réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (23) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir infheistíocht RE-C05-i06: Caipitliú cuideachtaí agus athléimneacht airgeadais/Banco Português de Fomento, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht, a bhaint amach a thuilleadh laistigh d'amlíne an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh i bhfianaise na moilleanna a eascraíonn as dálaí maicreacnamaíochta agus as an méadú ar an éiginnteacht. Baineann sé sin le sprioc 5.29 a chur siar, agus sprioc idirmheánach nua a thabhairt isteach, sprioc 5.43 infheistíochta RE-C05-i06: Caipitliú cuideachtaí agus athléimneacht airgeadais/Banco Português de Fomento, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil síneadh a chur leis an amlíne cur chun feidhme agus an t-athrú réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (24) Mhínigh an Phortaingéil freisin nach féidir infheistíocht RE-C06-i02: Gealltanais maidir le Fostaíocht Inbhuanaithe, faoi chomhchuid 6: a bhaint amach a thuilleadh laistigh d'amlíne an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Mar thoradh ar théarnamh níos tapúla ná mar a bhíodhas ag súil leis ar an margadh saothair, bhí líon níos lú oibríthe ag baint tairbhe as an infheistíocht sin. Chun níos mó daoine a shroicheadh agus chun tionchar níos mó a imirt, d'iarr an Phortaingéil tréimhse cur chun feidhme níos faide don infheistíocht sin. Baineann sé sin le sprioc 6.5 a chur siar, agus an leasú ar an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C06-i02: Gealltanais maidir le Fostaíocht Inbhuanaithe, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil síneadh a chur leis an amlíne cur chun feidhme agus an t-athrú réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (25) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir infheistíocht RE-C09-i01: Plean Réigiúnach um Éifeachtúlacht Uisce don Algarve, faoi chomhchuid 9: Bainistiú Uisce, a bhaint amach a thuilleadh laistigh d'amlíne an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar mhoilleanna de bharr seachadadh déanach písiméadar agus an gá atá lena suiteáil níos doimhne mar gheall ar an triomach tromchúiseach. Baineann sé sin le sprioc 9.1, garsprioc 9.5, garsprioc 9.6 agus garsprioc 9.7 a chur siar, agus an leasú ar an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C09-i01: Plean Réigiúnach um Éifeachtúlacht Uisce don Algarve, faoi chomhchuid 9: Bainistiú Uisce. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil síneadh a chur leis an amlíne cur chun feidhme agus an t-athrú réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (26) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir infheistíocht RE-C02-i05: Stoc tithíochta poiblí inacmhainne, comhchuid 2: Tithíocht, a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh i bhformáid an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Mar thoradh ar shuaitheadh sa slabhra soláthair agus ar bhoilsciú ard, cuireadh moill ar an gcur chun feidhme gan aon athrú ar uailmhian na hinfeistíochta sin agus ar an spriocdháta deiridh a ghabhann léi. Baineann sé sin le laghdú spriocanna idirmheánacha 2.21, 2.22, 2.23 agus 2.24 d'infheistíocht RE-C02-i05: Stoc tithíochta poiblí inacmhainne, comhchuid 2: Tithíocht. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil na spriocanna réamhluaite a laghdú agus na hathruithe réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (27) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir infheistíocht TD-C16-i03: Catalaíoch don Aistriú Digiteach Fiontar, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0, a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh de réir sceideal an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla agus dlíthiúla, ach gan athruithe ar an spriocdháta a ghabhann léi. Baineann sé sin le cur siar garsprioc 16.14 d'infheistíocht TD-C16-i03: Catalaíoch don Aistriú Digiteach Fiontar, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil síneadh a chur le hamlíne cur chun feidhme na garsprice réamhluaite, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (28) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir infheistíocht TD-C19-i04: Bonneagar digiteach criticiúil atá éifeachtúil, slán agus comhroinnte, faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach, a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh de réir sceideal an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair, ach gan athruithe ar an spriocdháta a ghabhann léi. Baineann sé sin le cur siar garsprioc 19.12 d'infheistíocht TD-C19-i04: Bonneagar digiteach criticiúil atá éifeachtúil, slán agus comhroinnte, faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach.

Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil síneadh a chur le hamlíne cur chun feidhme na garspríce réamhluaite, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (29) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir sé bheart a bhaint amach a thuilleadh le huailmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar shuaitheadh sa slabhra soláthair agus ar bhoilsciú ard. Baineann sé sin le laghdú sprioc 2.6 d'infheistíocht RE-C02-i02: Deontas Náisiúnta maidir le Cóiríocht Éigeandála agus Shealadach, faoi chomhchuid 2: Tithíocht; le sprioc 2.9 a bhaint, bunlíne sprioc 2.10 a athrú, sprioc 2.11 a laghdú agus leasú ar an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C02-i03-RAM: Soláthar tithíochta sóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara a neartú, faoi chomhchuid 2: Tithíocht; le sprioc 2.15 a bhaint, spriocanna 2.16, 2.17 agus 2.18 a laghdú agus leasú ar an tuairisc ar infheistíocht RE-C02-i04-RAA: Dálaí tithíochta a mhéadú i stoc tithíochta Réigiún Féinrialaitheach na nAsór, faoi chomhchuid 2: Tithíocht. Baineann sé sin freisin le laghdú sprioc 5.21 d'infheistíocht RE-C05-i05-RAA: Téarnamh Eacnamaíoch Thalmhaíochta na nAsór, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht. Baineann sé sin freisin le laghdú sprioc 14.3 d'infheistíocht TC-C14-i01: Hidrigin agus gáis in-athnuaite, faoi chomhchuid 14 Hidrigin agus Fuinneamh In-athnuaite. Baineann sé sin freisin laghdú spriocanna 16.8 agus 16.10 agus le leasú ar an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C16-i02: Aistriú Digiteach Fiontar faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil na spriocanna réamhluaite a laghdú agus na hathruithe réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (30) Mhínigh an Phortaingéil freisin nach féidir infheistíocht RE-C03-i04-RAA: an Straitéis Réigiúnach maidir leis an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac a Chur Chun Feidhme, faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta, a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh le huailmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Tháinig laghdú níos mó ná mar a bhí coinne leis ar an líon daoine a chumhdaítear le hioncam cuimsithe shóisialta, is é sin na daoine sin atá incháilithe don infheistíocht seo. Baineann sé sin le laghdú sprioc 3.12 d'infheistíocht RE-C03-i04-RAA: an Straitéis Réigiúnach maidir leis an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac a Chur Chun Feidhme, faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil an sprioc réamhluaite a laghdú agus an t-athrú réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (31) Mhínigh an Phortaingéil freisin nach féidir infheistíocht TD-C16-i01: Cumhachtú Digiteach Fiontar, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0 insroichte, a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh le huailmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar fhadhbanna idir-inoibritheachta teicniúla gan choinne agus rannpháirtíocht oiliúna níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil léi. Baineann sé sin laghdú sprioc 16.4 agus le leasú ar an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C16-i01: Cumhachtú Digiteach Fiontar, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil an sprioc réamhluaite a laghdú agus an t-athrú réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (32) Mhínigh an Phortaingéil freisin nach féidir infheistíocht TD-C19-i07: Riarachán poiblí a chumhachtaítear luach poiblí a chruthú, faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach, a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh le huailmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Bhí níos mó daoine ar scor ná mar a bhí

coinne leis agus bhí moill ar thógáil na n-ionad oiliúna, rud a d'fhág gurbh ann do níos lú rannpháirtithe san oiliúint. Baineann sé sin le laghdú sprioc 19.21 d'infheistíocht TD-C19-i07: Riarachán poiblí a chumhachtaítear luach poiblí a chruthú, faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach.

- (33) Mhínigh an Phortaingéil freisin nach féidir infheistíocht RE-C01-i04: Trealamh d'ospidéal nua in Seixal, Sintra agus Oirthear Liospóin, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte, a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh san fhormaid a bhí beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Mar gheall ar an mboilsciú agus ar shuaitheadh sa slabhra soláthair chomh maith le dlíthíocht maidir le bronnadh na dtionscadal tógála, bhí moill shuntasach ar thógáil ospidéal Sintra agus Oirthear Liospóin. Tá iarrtha ag an bPortaingéil go dtacódh an infheistíocht sin le cuid de thógáil Ospidéal Oirthear Liospóin (seachas trealamh áirithe amháin a mhaoiniú) agus go maoiníodh sí trealamh na n-ospidéal eile i Liospóin agus i gceantar Vale to Tejo. Baineann sé sin le garsprioc 1.26 a leasú, garsprioc nua a thabhairt isteach, garsprioc 1.40, leasú na tuairisce ar infheistíocht faoi seach RE-C01-i04: Trealamh d'ospidéal nua in Seixal, Sintra agus Oirthear Liospóin agus a hainm a athrú go 'RE-C01-i04: Tógáil Ospidéal Oirthear Liospóin agus Trealamh d'ospidéal nua in Seixal, Sintra, Oirthear Liospóin agus Vale do Tejo'. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil an t-athrú réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (34) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh ina mbunfhormaid gan aon tionchar ar a n-uaimhian mar gheall ar shrianta ar an slabhra soláthair agus ar phraghsanna níos airde, rud a d'fhág go raibh tairiscintí gan aon rannpháirtithe ann. Baineann sé sin le leasú sprioc 3.13 d'infheistíocht RE-C03-i04-RAA: an Straitéis Réigiúnach maidir leis an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac a Chur Chun Feidhme, faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta, ionas go mbeidh an líon céanna áiteanna athshlánaithe á thairiscint in dhá fhoirgneamh seachas i dtí fhoirgneamh. Baineann sé sin freisin le leasú garsprioc 10.5 d'infheistíocht TC-C10-i03: Lárionad Oibríochtaí um Chosaint an Atlantaigh agus ardán cabhlaigh, faoi chomhchuid 10 mar ní gá na feithiclí a fháil chun iad a oibriú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil an garspriocanna agus an sprioc réamhluaite a leasú agus na hathruithe réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (35) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir trí bheart a bhaint amach a thuilleadh mar a tuairiscíodh ar dtús mar gheall ar an mboilsciú. Baineann sé sin le leasú garsprioc 1.18 d'infheistíocht RE-C01-i01: Seirbhísí cúraim sláinte príomhúil le níos mó freagraí, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte, chun athbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí tacaíochta a leithdháiltear ar fhobhearta, figiúirí a luaitear sa tuairisc uirthi. Baineann sé sin le leasú sprioc 1.21 d'infheistíocht RE-C01-i02: Líonra Náisiúnta um Chúram Leanúnach Comhtháite agus Líonra Náisiúnta um Chúram Maolaitheach faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte, chun athbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí tacaíochta a leithdháiltear ar fhobhearta, figiúirí a luaitear sa tuairisc uirthi. Baineann sé sin leis na figiúirí tacaíochta a leithdháiltear ar fhobhearta a bhaint, rudaí a luaitear i sprioc 1.30 d'infheistíocht RE-C01-i05-RAM: Seirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara a Neartú, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte. Baineann sé sin le leasú sprioc 8.13 d'infheistíocht RE C08-i05: An Clár um Níos Mó Foraoisí, faoi chomhchuid 8: Foraoisí, chun na costais a luaitear ina tuairisc a athbhreithniú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil an garsprioc agus na spriocanna réamhluaite a leasú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na figiúirí a thagraíonn don tacaíocht a leithdháiltear

ar fho-bhearta sonracha, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (36) Mhínigh an Phortaingéil nach féidir cúig bheart déag a bhaint amach a thuilleadh ina bhformáid bhunaidh toisc gur gá gnéithe áirithe de na bearta a mhodhnú nó a thréigean chun réitigh níos leordhóthanaí nó níos éifeachtúla a chur chun feidhme mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla nó teicniúla gan choinne nach raibh smacht ag na húdaráis orthu. Baineann sé sin le: leasú na tuairisce ar infheistíocht RE-C01-i02: An Líonra Náisiúnta um Chúram Comhtháite Leanúnach agus An Líonra Náisiúnta um Chúram Maolaitheach, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte. Baineann sé sin le sprioc 2.2, sprioc 2.3 a leasú agus sprioc nua 2.29 a chur le hinfeistíocht RE-C02-i01: An Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht, faoi chomhchuid 2: Tithíocht. Baineann sé sin le sprioc 3.4 d'infheistíocht RE-C03-i01 a leasú: Glúin nua trealaimh agus freagairtí sóisialta, faoi chomhchuid 3: Freagairtí sóisialta. Baineann sé sin le tuairisc ar infheistíocht RE-C06-i02 a leasú: Gealltanais maidir le dífhostaíocht inbhuanaithe, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus scileanna. Baineann sé sin le sprioc 6.11 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C06-i05-RAA a leasú: Cáilíocht Aosach agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil (ARA), faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus scileanna. Baineann sé sin leis an tuairisc ar Infheistíocht RE-C09-i02 a leasú: Fiontar ilchuspóireach hidrálach Crato, faoi chomhchuid 9: Bainistiú Uisce. Baineann sé sin le sprioc 10.3 d'infheistíocht TC-C10-i01 a leasú: An Mol Gorm, Líonra Bonneagair don Gheilleagar Gorm, faoi chomhchuid 10: An fharraige. Baineann sé sin le garsprioc 10.10 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TC-C10-i04-RAA a leasú: Forbairt an 'Cluster do Mar dos Açores', faoi chomhpháirt 10. Baineann sé sin leis an tuairisc ar infheistíocht TC-C14-i01 a leasú: Hidrigin agus gáis in-athnuaite, faoi chomhchuid 14: Hidrigin agus foinsí in-athnuaite fuinnimh. Baineann sé sin le garsprioc 14.12 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TC-C14-i03-RAA a leasú: An t-aistriú fuinnimh sna hAsóir, faoi chomhchuid 14: Hidrigin agus foinsí in-athnuaite fuinnimh. Baineann sé sin le garsprioc 15.9 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TC-C15-i03 a leasú: Iarnróid Éadrom Idirthuais Odivelas – Loures, faoi chomhchuid 15: Soghluaisteacht inbhuanaithe. Baineann sé sin leis an tuairisc ar infheistíocht TC-C15-i04 a leasú: Mearbhealach Busanna Boavista-Império, faoi chomhchuid 15: Soghluaisteacht Inbhuanaithe. Baineann sé sin le sprioc 16.2, sprioc 16.3 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C16-i01 a leasú: Cumhachtú Digiteach Fiontar, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0. Baineann sé sin le spriocanna 16.6, 16.8 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C16-i02 a leasú: Aistriú Digiteach Fiontar, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0. Baineann sé sin le garsprioc 19.17 d'infheistíocht TD-C19-i05 a leasú: Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara, faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil na garspriocanna, na spriocanna agus na tuairiscí infheistíochta réamhluaite a leasú agus na hathruithe réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir sin.
- (37) Mhínigh an Phortaingéil freisin maidir le hinfeistíocht RE-C06-i01: Nuachóiriú soláthair agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna, nach féidir í a bhaint amach a thuilleadh ina formáid bhunaidh gan aon tionchar ar a huailmhian. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, d'fhág oibríthe turasóireachta ardoilte agus anois ní mór oiliúint a chur ar oibríthe turasóireachta nua. Ar an gcúis sin, cuireadh leis an infheistíocht an deis tacú leis an ngairmoiliúint in earnáil na turasóireachta. Baineann sé sin le spriocanna 6.3, 6.4 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C06-i01 a leasú: Nuachóiriú soláthair agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus

Scileanna. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil na spriocanna réamhluaite agus an tuairisc réamhluaite ar an infheistíocht a leasú agus na hathruithe réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir sin.

- (38) Mhínigh an Phortaingéil go ndearnadh cúig bheart a mhodhnú toisc go bhfuil roghanna malartacha níos fearr ann chun an beart a chur chun feidhme ar mhaithe le huailmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le leasú a dhéanamh ar spriocanna 2.25, 2.26, 2.27, 2.28 agus an tuairisc ar an infheistíocht: RE-C02-i06: Cóiríocht mac léinn ar phraghsanna inacmhainne, faoi chomhchuid 2: Tithíocht, ionas gur féidir lóistín a ligean ar cíós do thaighdeoirí, do mhúinteoirí, d'fhoireann neamhtheagaisc na n-institiúidí ardoideachais chomh luath agus a chomhlíonfar riachtanais chóiríochta na mac léinn. Baineann sé sin freisin le leasú a dhéanamh ar sprioc 8.11 d'infheistíocht RE-C08-i04: Modhanna chun dóiteáin tuaithe a chosc agus a chomhrac, faoi chomhchuid 8, Foraoisí, chun trí héileacaptar mheánmhéide le haghaidh comhraiceoirí dóiteáin a cheannach in ionad ceithre cinn éadroma, rud a mhéadaíonn an acmhainneacht fhoriomlán comhraicthe dóiteáin. Baineann sé sin leis an tuairisc ar infheistíocht TC-C11-i01 a leasú: An tionscal a Dhíchcarbónú, faoi chomhchuid 11: An tionscal a Dhíchcarbónú, ionas go mbeifear in ann glao ar thairiscintí a sheoladh nuair is gá agus ní go bliantúil amháin. Baineann sé sin le sprioc 20.11, sprioc 20.12 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C20-i02-RAA a leasú: An t-Oideachas Digiteach (na hAsóir), faoi chomhchuid 20 An Scoil Dhigiteach, chun gur féidir scáileáin idirghníomhacha a cheannach in ionad teilgeoirí agus deireadh a chur leis an oibleagáid neamhriachtanach cuimhne agus bogearraí RAM a uasghrádú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Phortaingéil na garspriocanna, na spriocanna agus na tuairiscí infheistíochta réamhluaite a leasú agus na hathruithe réamhluaite a dhéanamh, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir sin.
- (39) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an bPortaingéil, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

- (40) Sainaithníodh 138 earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do 79 ngarsprioc agus sprioc agus do 46 bheart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 22 Aibreán 21, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Phortaingéil. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis na bearta seo a leanas agus lena ngarspriocanna agus a spriocanna. Sprioc 1.3 agus an tuairisc ar athchóiriú faoi seach RE-r01: Athchóiriú cúraim sláinte phríomhúil faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte; garsprioc 1.12 d'athchóiriú RE-r03: An t-athchóiriú ar shamhail rialachais na n-ospidéal poiblí a thabhairt chun críche, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte; sprioc 1.14, sprioc 1.15, garsprioc 1.17 agus garsprioc 1.18 d'infheistíocht RE-C01-i01: Seirbhísí cúraim sláinte phríomhúil le níos mó freagraí, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte; sprioc 1.27, sprioc 1.30 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C01-i05-RAM: Seirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara a Neartú, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte; an tuairisc ar infheistíocht RE-C01-i07-RAM: Digitíú Sheirbhís Sláinte Réigiúnach Mhaidéara, faoi chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte; sprioc 1.38 d'infheistíocht RE-C01-i09: Córas Tacaíochta Uilíoch don Saol Gníomhach, faoi

chomhchuid 1: Seirbhís Náisiúnta Sláinte. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le sprioc 2.2 agus sprioc 2.3 d'infheistíocht RE-C02-i01: An Clár Tacaíochta um Rochtain ar Thithíocht, faoi chomhchuid 2: Tithíocht; spriocanna 2.4, 2.5, 2.6, 2.7, 2.8 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C02-i02 a leasú: Deontas Náisiúnta maidir le Cóiríocht Éigeandála agus Shealadach, faoi chomhchuid 2: Tithíocht; sprioc 2.10 agus sprioc 2.11 d'infheistíocht RE-C02-i03-RAM: Soláthar tithíochta sóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara a neartú, faoi chomhchuid 2: Tithíocht; sprioc 2.16, sprioc 2.18 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C02-i04-RAA: Dálaí tithíochta a mhéadú i stoc tithíochta Réigiún Féinrialaitheach na nAsór, faoi chomhchuid 2: Tithíocht; spriocanna 2.25, 2.26, 2.27 agus 2.28 d'infheistíocht RE-C02-i06: Cóiríocht mac léinn ar phraghsanna inacmhainne, faoi chomhchuid 2: Tithíocht. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le sprioc 3.4, sprioc 3.5 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C03-i01: Glúin nua trealaimh agus freagairtí sóisialta, faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta; an tuairisc ar infheistíocht RE-C03-i02: Inrochtaineacht 360, faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta; sprioc 3.10, sprioc 3.11, sprioc 3.27 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C03-i03-RAM: Freagairtí sóisialta i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara (ARM) a neartú, faoi chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta; sprioc 3.12, sprioc 3.13 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C03-i04-RAA: An Straitéis Réigiúnach chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac a chur i bhfeidhm, faoi Chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta; garsprioc 3.19 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C03-i05: Ardán + Rochtain, faoi Chomhchuid 3: Freagairtí Sóisialta. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le garsprioc 4.4, sprioc 4.5, sprioc 4.9, sprioc 4.10 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C04-i01: Líonraí Cultúrtha agus an tAistriú Digiteach faoi chomhchuid 4: Cultúr; garsprioc 4.11 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C04-i02: Oidhreacht Chultúrtha, faoi chomhchuid 4: Cultúr. Baineann na hearráidí cléireachais sin le: sprioc 5.5 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C05-i01.01: Cláir Oibre/Comhghuaillithe don Nuálaíocht Ghnó a shlógadh, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht; sprioc 5.7 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C05-i01.02: Cláir Oibre/Comhghuaillithe Glasa don Nuálaíocht Ghnó, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht; sprioc 5.9 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C05-i02: Misean Comheadain — athnuachan an líonra tacaíochta eolaíochta agus teicneolaíochta agus treoir maidir le creatlach tháirgiúil, faoi chomhpháirt 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht; sprioc 5.13 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C05-i03: Clár oibre taighde agus nuálaíochta don talmhaíocht inbhuanaithe, bia agus agra-tionscal, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht; sprioc 5.17 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C05-i04-RAA: Athchaipitliú Chóras Gnó na nAsór, faoi chomhchuid 5: Infheistíocht agus Nuálaíocht; sprioc 5.29 d'infheistíocht RE-C05-i06: Caipitliú cuideachtaí agus athléimneacht airgeadais/Banco Português de Fomento, faoi chomhchuid 5 Infheistíocht agus nuálaíocht. Baineann na hearráidí cléireachais sin le: an tuairisc ar athchóiriú RE-r14: Athchóiriú gairmoideachais agus gairmoiliúna, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna; sprioc 6.15 agus an tuairisc ar athchóiriú faoi seach Re-r16: Srianata a laghdú i ngairmeacha ardrialaithe, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna; an tuairisc ar an athchóiriú RE-C06-r17: Clár oibre chun obair chuibhiúil a chur chun cinn, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna; an tuairisc ar infheistíocht RE-C06-i01: Nuachóiriú soláthair agus institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna; sprioc 6.6 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C06-i03: Dreasacht do dhaoine fásta, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna; sprioc 6.8, sprioc 6.9 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C06-i04: Spreagadh na hóige —

STEAM, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna; an tuairisc ar infheistíocht RE-C06-i05-RAA: Cáilíocht Aosach agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil, faoi chomhchuid 6: Cáilíochtaí agus Scileanna. Baineann na hearráidí cléireachais seo freisin le spriocanna 7.1, 7.2 agus sprioc 7.3 d’infheistíocht RE-C07-i00: Síneadh a chur leis an líonra luchtaithe feithiclí leictreacha, faoi chomhchuid 7: Bonneagar; an tuairisc ar infheistíocht RE-C07-i02: Naisc atá in easnamh agus acmhainneacht an Líonra a mhéadú, faoi chomhchuid 7: Bonneagar; an tuairisc ar infheistíocht RE-C07-i03: Naisc thrasteorann, faoi chomhchuid 7: Bonneagar; an tuairisc ar RE-C07-i04: Limistéir Fáiltithe Gnó — Inrochtaineacht ar bhóithre, faoi chomhchuid 7: Bonneagar. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le: sprioc 8.18 agus an tuairisc ar athchóiriú faoi seach Re-r20: Atheagrú ar an gCóras Clárlainne Talún agus Maoine agus ar an gCóras Faireacháin um Chumhdach Talún, faoi chomhchuid 8: Foraoisí; sprioc 8.1, sprioc 8.20 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C08-i01: Claochlú Tírdhreacha i Limistéir Foraoise Leochaileacha, faoi chomhchuid 8: Foraoisí; sprioc 8.5, sprioc 8.6 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C08-i02-RAA: Clárlann maoine tuaithe agus Córas Faireacháin um Chumhdach Talún, faoi chomhchuid 8: Foraoisí; sprioc 8.8, sprioc 8.9 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C08-i03: Bristeacha bainistíochta breoslaí — príomhlíonra, faoi chomhchuid 8: Foraoisí; sprioc 8.11 d’infheistíocht RE-C08-i04: Modhanna chun dóiteáin tuaithe a chosc agus a chomhrac, faoi chomhchuid 8: Foraoisí; sprioc 8.13, sprioc 8.16, sprioc 8.21 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach RE-C08-i05: An Clár um Níos Mó Foraoisí, faoi chomhchuid 8: Foraoisí. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le sprioc 9.5 d’infheistíocht RE-C09-i01: Plean Réigiúnach Éifeachtúlachta Uisce san Algarve, faoi chomhchuid 9: Bainistiú Uisce; tuairisc ar infheistíocht RE-C09-i02: Fiontar ilchuspóireach hidrálach Crato, faoi chomhchuid 9: Bainistiú Uisce; tuairisc ar infheistíocht RE-C09-i03-RAM: Plean maidir le héifeachtúlacht uisce agus córais soláthair agus uiscithe Mhaidéara a neartú, faoi chomhchuid 9: Bainistiú uisce. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le garsprioc 10.9 agus garsprioc 10.10 d’infheistíocht TC-C10-i04-RAA: Forbairt an ‘Cluster do Mar dos Açores’, faoi chomhpháirt 10: An fharraige. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le: an tuairisc ar infheistíocht TC-C14-i03-RAA: An t-aistriú fuinnimh sna hAsóir, faoi chomhchuid 14: Hidrigin agus Foinsí In-athnuaite Fuinnimh. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin leis an tuairisc ar infheistíocht TC-C15-i04: Mearbhealach Busanna Boavista – Império, faoi chomhchuid 15: Soghluaisteacht Inbhuanaithe; garsprioc 15.12 agus tuairisc ar infheistíocht faoi seach TC-C15-i05: An t-iompar poiblí a dhíchárbónú, faoi chomhchuid 15: Soghluaisteacht Inbhuanaithe. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le: an tuairisc ar chomhchuid 16: Fiontair 4.0; sprioc 16.4 agus an tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C16-i01: Cumhachtú Digiteach Fiontar, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0; sprioc 16.6, sprioc 16.8, sprioc 16.11 agus tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C16-i02-RAM: Aistriú Digiteach Fiontar, comhchuid 16: Fiontair 4.0; sprioc 16.14, sprioc 16.15 agus tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C16-i03: An Catalaíoch don Aistriú Digiteach Fiontar, faoi chomhchuid 16: Fiontair 4.0. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le: an tuairisc ar athchóiriú TD-r32: Nuachóiriú agus Simpliú na Bainistíochta Airgeadais Phoiblí, faoi chomhchuid 17: Cáilíocht agus Inbhuanaitheacht an Airgeadais Phoiblí; garsprioc 17.13 d’infheistíocht TD-C17-i01: Córais Faisnéise um Bainistíocht Airgeadais Phoiblí, faoi chomhchuid 17: Cáilíocht agus Inbhuanaitheacht an Airgeadais Phoiblí; garsprioc 17.21 d’infheistíocht TD-C17-i02: Nuachóiriú chórais faisnéise an Údaráis Cánach agus Custaim maidir le cánachas maoine tuaithe, faoi chomhchuid 17: Cáilíocht agus Inbhuanaitheacht an Airgeadais Phoiblí. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin leis an tuairisc ar an athchóiriú

TD-r33: Ceartas eacnamaíoch agus timpeallacht ghnó, faoi chomhchuid 18: Ceartas Eacnamaíoch agus Timpeallacht Ghnó. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le garsprioc 19.26 d'infheistíocht TD-C19-i01: Seirbhísí poiblí agus consalachta a athdhearadh, faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach; an tuairisc ar infheistíocht TD-C19-i03: An creat foriomlán cibearshlándála a neartú, faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach; an tuairisc ar infheistíocht TD-C19-i05: Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara, faoi chomhchuid 19: Riarachán Poiblí Digiteach. Baineann na hearráidí cléireachais sin freisin le: sprioc 20.4 d'infheistíocht TD-C20-i01: Aistriú digiteach san oideachas, faoi chomhchuid 20: An Scoil Dhigiteach; sprioc 20.10, sprioc 20.13 agus tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C20-i02-RAA: An t-oideachas digiteach (na hAsóir), faoi chomhchuid 20: An Scoil Dhigiteach; sprioc 20.17, garsprioc 20.18 agus tuairisc ar infheistíocht faoi seach TD-C20-i03-RAM: Dlús a chur le digitiú an oideachais i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara, faoi chomhchuid 20: An Scoil Dhigiteach. Ní dhéanann ceartú na hearráidí cléireachais uile réamhluaithe difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241

- (41) I gcaibidil REPowerEU tá sé athchóiriú nua agus aon infheistíocht déag nua. Tá dhá athchóiriú tugtha isteach ag an bPortaingéil go háirithe chun bochtaineacht fuinnimh a chomhrac agus infheistíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú. Is éard atá sa chéad cheann comhlacht a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar staid na bochtaineachta fuinnimh, agus anailís agus forbairt a dhéanamh ar bheartais phoiblí chun í a dhíothú (RP-C21-r43: An Fhaireachlann Náisiúnta um Bochtaineacht Fuinnimh). Baineann an dara ceann le ‘spásanna Fuinnimh do Shaoránaigh’ a chruthú inar féidir le saoránaigh faisnéis agus comhairle a fháil maidir le conas bearta agus réitigh éagsúla a chur chun feidhme agus a úsáid lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht fuinnimh agus lena nglactar iompraíochtaí inbhuanaithe maidir le húsáid fuinnimh Athchóiriú RP-C21-r44: Ionaid ilfhreastail éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt do shaoránaigh (Spásanna Fuinnimh do Shaoránaigh).
- (42) Is é is aidhm d'athchóirithe eile i gcaibidil REPowerEU acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite na Portaingéile a mhéadú. Baineann siad sin leis an athbhreithniú ar chreat rialála na líonraí náisiúnta tarchurtha agus dáileacháin gáis chun úsáid gás in-athnuaite a chur chun cinn (RP-C21-r46: Creat rialála maidir le hidrigin in-athnuaite); seoladh an chéad cheant le haghaidh ceannach láraithe bithmheatáin ag soláthróir mórdhíola na rogha deiridh agus glacadh plean gníomhaíochta chun an margadh bithmheatáin a fhorbairt (RP-C21-r47: An chéad cheant le haghaidh plean gníomhaíochta inbhuanaithe maidir le bithmheatán agus bithmheatán); simpliú na nósanna imeachta ceadúnaithe agus ceadanna le haghaidh tionscadail in-athnuaite agus oiliúint in uirlisí digiteacha chun na nósanna imeachta sin a láimhseáil (RP-C21-r48: Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite) agus bunú tairisceana gairmoiliúna fadtéarmaí chun scileanna glasa a fhorbairt, a aithint, a bhailíochtú agus a dheimhniú d'oibríthe i réimsí an aistríthe fuinnimh agus na gníomhaíochta ar son na haeráide agus do dhaoine dífhostaithe (RP-C21-r45: Scileanna Glasa)
- (43) Cuidíonn infheistíochtaí nua freisin chun forbairt a dhéanamh ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus ar aistriú glas gheilleagar na Portaingéile. Baineann siad seo le: teicneolaíochtaí a fhorbairt chun táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú (RP-C21-i05: Tacaíocht d'Fhorbairt an Tionscail Ghlais); tacaíocht do staidéir theicniúla chun iniúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht feirmeacha gaoithe amach ón gcósta

fuinneamh a tháirgeadh (RP-C21-i07: Staidéir theicniúla maidir le hacmhainneacht fuinnimh amach ón gcósta); scéim dreasachta a bhunú chun córais giniúna agus stórála leictreachais in-athnuaite a shuiteáil le haghaidh féintomhaltais, chomh maith le suiteáil trealaimh chun uisce te a tháirgeadh agus teas a ghiniúint trí fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid, ag teaghlaigh, micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus institiúidí neamhbhrabúis i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara (RP-C21-i11-RAM – Córas dreasachtaí chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh agus a stóráil i Maidéara agus Porto Santo); scéim dreasachta a bhunú chun córais stórála fuinnimh in-athnuaite a cheannach agus a shuiteáil sna hAsóir (RP-C21-i10-RAA – Córas dreasachtaí chun córais stórála fuinnimh in-athnuaite a cheannach agus a shuiteáil); méadú ar sholúbthacht san eangach poiblí leictreachais, lena bhféadfar barrfheabhsú agus bainistiú solúbtha a dhéanamh ar an gcóras leictreachais, i bhfianaise an mhéadaithe a bhfuil coinne leis i dtáirgeadh agus i dtomhaltas leictreachais in-athnuaite freisin. (RP-C21-i08: Solúbthacht agus stóráil an líonra) agus ionad ilfhreastail a chruthú chun tionscadail táirgthe fuinnimh in-athnuaite a cheadúnú agus faireachán a dhéanamh orthu (RP-C21-i09: Ionad ilfhreastail um Cheadúnú agus Faireachán ar Thionscadail Fuinnimh In-athnuaite).

- (44) Is é is aidhm d’infheistíochtaí eile an t-iompar a dhícharbónú. Baineann siad seo le: busanna astaíochtaí nialasacha (leictreach nó hidrigin-bhreoslaithe) a cheannach agus stáisiúin luchtaithe/athbhreoslaithe a shuiteáil i Maidéara (RP-C21-i13-RAM: An t-iompar poiblí a dhícharbónú) agus in Braga (RP-C21-i14: Mearbhealach Busanna - Braga); dhá bhád farantóireachta leictreacha a cheannach sna hAsóir (RP-C21-i15-RAA – Dhá bhád farantóireachta leictreacha a fháil); agus cáblach a oibriú i Nazaré (RP-C21-i16 — Cáblach Nazaré).
- (45) Cuidíonn infheistíocht nua eile i gcaibidil RePowerEU le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú, trí thacú le hoibreacha athchóirithe, lena n-áirítear acmhainneacht táirgeachta fuinnimh in-athnuaite a thógáil le haghaidh féintomhaltais, i bhfoirgnimh phoiblí i Maidéara (RP-C21-i04-RAM – Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí agus i saoráidí poiblí).
- (46) Áirítear i gcaibidil REPowerEU freisin bearta méadaithe a dhéanann difear do chúig bheart faoi chomhchuid 11: An tionscal a dhícharbónú; comhchuid 13: Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh; comhchuid 14: Hidrigin agus Foinsí In-athnuaite Fuinnimh; agus comhchuid 15 Soghluaisteacht Inbhuanaithe. Leis na bearta méadaithe a áirítear sa chaibidil maidir le REPowerEU, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uailmhéine na mbeart atá san áireamh cheana féin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta.
- (47) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

- (48) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

- (49) Is freagairt chuimsitheach chothromaithe (Rátáil A) ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta a bhí ann ag an am a bhí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, rud a rannchuidiú go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, mar a thuairiscítear in aithrisí 8 go 12 de Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 6 Iúil 2021.
- (50) Cumhdaítear na sé cholún ar bhealach cuimsitheach leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, gan aon bheart bainte agus le líon suntasach comhpháirteanna ag tacú le níos mó ná colún amháin. Comhfhreagraíonn raon gníomhaíochtaí an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU do chuspóirí na Saoráide, agus cothromaíocht fhoriomlán iomchuí ann idir colúin. Go háirithe, cuireann na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU leis na colúin seo a leanas: an t-aistriú glas, an fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus an comhtháthú sóisialta agus críochach.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshlán uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshlán a shaináithnítear sna moltaí tírshonracha

- (51) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna saináithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an bPortaingéil, lena n-áirítear gnéithe fíoscacha díobh agus moltaí arna ndéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, nó dúshlán arna saináithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.
- (52) Go háirithe, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe moltaí tír-shonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil roimh an measúnú ar an bplean modhnaithe a rinne an Coimisiún. Ós rud é go ndearnadh an leithdháileadh uasta airgeadais don Phortaingéil a choigeartú suas agus gur méadaíodh méid an phlean tar éis iarraidh bhreise ar iasacht a bhfuil sé beartaithe í a úsáid go heisiach le haghaidh cuspóirí REPower, déantar moltaí struchtúracha uile 2022 agus 2023 a mheas sa mheasúnú foriomlán.
- (53) Tar éis measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tír-shonracha uile tráth a cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe, measann an Coimisiún nár cuireadh aon mholadh chun feidhme ina iomláine. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil leis an moladh maidir le feabhas a chur ar an rochtain atá ag gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide ar leachtacht (Moladh Tírshonrach 3.1 2020).
- (54) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisiú a chéile agus a rannchuidiú le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshlán eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshlán sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an bPortaingéil i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, chun feabhas a chur ar éifeachtacht na gcóras cánach agus cosanta sóisialta, agus chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí a chur chun cinn (Moladh Tírshonrach 1.5 2023; Moladh Tírshonrach 1.4 2022; Moladh Tírshonrach 2.2 2020; Moladh Tírshonrach 2.4 2019); feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh aistriú chuig geilleagar ciorclach, go háirithe trí chosc, athchúrsáil agus athúsáid dramhaíola a

mhéadú (Moladh Tírshonrach 3 2022 agus 2023); spleáchas ar bhreosláí iontaise a laghdú (Moladh Tírshonrach 4.1 2022 agus 2023), lena n-áirítear in earnáil an iompair (Moladh Tírshonrach 4.2 2022); dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh trí eangacha tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú agus infheistíochtaí i stóráil leictreachais a chumasú (Moladh Tírshonrach 4.3 2022); nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú chun gur féidir táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt a thuilleadh (Moladh Tírshonrach 4.2 2023; Moladh Tírshonrach 4.4 2022); an creat dreasachta le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a neartú (Moladh Tírshonrach 4.6 2023; Moladh Tírshonrach 4.5 2022); athléimneacht an chórais sláinte a neartú (Moladh Tírshonrach 1.2 2020; Moladh Tírshonrach 1.2 2019); tacú leis an bhfostaíocht agus aghaidh a thabhairt ar dheighilt mhargadh an tsaothair (Moladh Tírshonrach 2.1 2020; Moladh Tírshonrach 2.1 2019); scileanna an daonra a fheabhsú, go háirithe scileanna digiteacha agus scileanna a theastaíonn ó mhargaí an tsaothair (Moladh Tírshonrach 2.3 2020; Moladh Tírshonrach 2.2 2019) agus na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá don aistriú glas (Moladh Tírshonrach 4.7 2023); feabhas a chur ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an líontáin sábháilteachta sóisialta (Moladh Tírshonrach 2.4 2019); borradh a chur faoi iomaíochas gnólachtaí (Moladh Tírshonrach 2.4 2020); rochtain gnólachtaí — go háirithe FBManna — ar leachtacht a fheabhsú (Moladh Tírshonrach 3.1 2020); infheistíocht a chothú in aistriú glasa agus aistriú digiteacha (Moladh Tírshonrach 1.2 2022; Moladh Tírshonrach 3.4 2020; Moladh Tírshonrach 3.3 2019); infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht a chothú (Moladh Tírshonrach 3.1 2019); agus an t-ualach riaracháin agus rialála ar ghnólachtaí a laghdú (Moladh Tírshonrach 4.2 2019).

- (55) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tugtar isteach athchóiriú fioscach lena ndéantar athbhreithniú ar an gcóras sochar cánach agus lena mbunaítear aonad teicniúil nua chun meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar bheartais fhioscacha, lena n-áirítear sochair chánach (TD-C17-r40 — Simpliú an Chórais Cánach), agus athchóiriú ar shochair shóisialta lena dtugtar isteach sochar sóisialta aonair (RE-C03-r38: Simpliú agus Éifeachtacht an Chórais Slándála Sóisialta). Leis an dá athchóiriú sin, tugtar aghaidh ar Mholadh Tírshonrach 1 2022 agus 2023 maidir le beartais fhioscacha agus beartais cosanta sóisialta, chomh maith le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadas poiblí na Portaingéile. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, tugtar isteach freisin athchóiriú bainistithe dramhaíola lena mbunaítear creat dlíthiúil le haghaidh córas earlaise agus aisíocaíochta le haghaidh pacáistí agus miotal (TC-C12-r39: An geilleagar ciorclach agus bainistiú dramhaíola níos éifeachtúla a chur chun cinn) lena dtugtar aghaidh ar Mholadh Tírshonrach 3 2022 agus 2023 maidir leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach.
- (56) I gcaibidil REPowerEU tugtar aghaidh ar fhothacar suntasach de na dúshláin a saináithníodh sna moltaí tírshonracha a bhaineann leis an mbeartas fuinnimh agus leis an aistriú glas. Rannchuidíonn formhór bhearta REPowerEU le haghaidh a thabhairt ar Mholadh Tírshonrach 4.1 2022 agus 2023 maidir leis an ngá atá le spleáchas ar bhreosláí iontaise a laghdú trí fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt agus tríd an éileamh ar fhuinneamh a laghdú.
- (57) Le caibidil REPowerEU tugtar isteach bearta lena dtugtar aghaidh go díreach ar Mholadh Tírshonrach 4.2 2022 maidir leis an ngá atá le hiompar a dhícharbónú, amhail an t-iompar poiblí a dhícharbónú (RP-C21-i13-RAM: An t-iompar poiblí a dhícharbónú); córas mear busanna astaíochtaí nialasacha a chur chun feidhme in Braga (RP-C21-i14: Mearbhealach Busanna Braga); dhá bhád farantóireachta leictreacha a

cheannach sna hAsóir (RP-C21-i15-RAA: Dhá bhád farantóireachta leictreacha a fháil); agus cáblach a oibriú i Nazaré (RP-C21-i16: Cáblach Nazaré).

- (58) Le caibidil REPowerEU, tugtar isteach freisin bearta lena dtugtar aghaidh ar Mholadh Tírshonrach 4.2 2023 agus 4.3 2022 maidir leis an ngá atá le dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail: an t-athbhreithniú ar chreat rialála na líonraí náisiúnta tarchurtha agus dáileacháin gáis chun úsáid gáis hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn (RP-C21-r46: Creat rialála maidir le hidrigin in-athnuaite); plean gníomhaíochta a ghlacadh chun an margadh bithmheatáin a fhorbairt agus an chéad cheant chun bithmheatán a cheannach go lárnach a sheoladh (RP-C21-r47 An chéad cheant le haghaidh bithmheatán inbhuanaithe agus plean gníomhaíochta bithmheatáin); teicneolaíochtaí a fhorbairt chun táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú (RP-C21-i05: Tacaíocht d'Fhorbairt an Tionscail Ghlais); tacaíocht do staidéir theicniúla chun iniúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht feirmeacha gaoithe amach ón gcósta fuinneamh a tháirgeadh (RP-C21-i07: Staidéir theicniúla maidir le hacmhainneacht fuinnimh amach ón gcósta); scéim dreasachta a bhunú chun córais stórála fuinnimh in-athnuaite a cheannach agus a shuiteáil sna hAsóir (RP-C21-i10-RAA: Córas dreasachtaí chun córais stórála fuinnimh in-athnuaite a cheannach agus a shuiteáil); scéim dreasachta a bhunú chun fuinnimh in-athnuaite a thairgeadh agus a stóráil i Maidéara (RP-C21-i11-RAM – Córas dreasachtaí chun fuinnimh in-athnuaite a thairgeadh agus a stóráil).
- (59) Tugtar aghaidh freisin i gcaibidil REPowerEU ar Mholadh Tírshonrach 4.2 2023 agus 4.4 2022 maidir leis an ngá atá le nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a chuíchóiriú leis na bearta seo a leanas: simpliú na gcreataí dlíthiúla agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite (RP-C14-r48: Simpliú an chreata dhlíthiúil agus rialála is infheidhme maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite); agus ionad ilfhreastail a chruthú chun tionscadail táirgthe fuinnimh in-athnuaite a cheadúnú agus faireachán a dhéanamh orthu (RP-C21-i09: Ionad ilfhreastail um cheadúnú agus faireachán ar thionscadail fuinnimh in-athnuaite).
- (60) Áirítear freisin sa chaibidil seo bearta lena dtugtar aghaidh ar Mholadh Tírshonrach 4.6 2023 agus 4.5 2022 maidir leis an ngá atá le éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a chur chun cinn, amhail: feidhmíocht fuinnimh na saoráidí poiblí i Maidéara a fheabhsú (RP-C21-i04-RAM: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh poiblí i Maidéara); atreisiú na n-infheistíochtaí i bhfeabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe (RP-C21-i02: Beart méadaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe) agus i bhfoirgnimh seirbhísí (RP-C21-i03: Beart méadaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a úsáidtear in earnáil na seirbhísí); agus ‘Siopaí Fuinnimh do Shaoránaigh’ a chruthú ar an leibhéal áitiúil inar féidir le saoránaigh faisnéis agus comhairle a fháil maidir le conas bearta éagsúla éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme agus a úsáid, lena n-áirítear i gcás foirgneamh (RP-C21-r44: Ionaid ilfhreastail éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt do shaoránaigh (Spásanna Fuinnimh do Shaoránaigh).
- (61) Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin réamhluaite, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe leis na míchothromaíochtaí a cheartú, mar a shainnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2019 agus 2023 ar míchothromaíochtaí iad atá ann sa Phortaingéil, go háirithe maidir le míchothromaíochtaí a bhaineann le fiachas rialtais, príobháideach agus seachtrach.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

- (62) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Portaingéile a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.
- (63) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas amach go raibh coinne leis go mbeadh tionchar mór ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach (Rátáil A) a neartú.
- (64) Leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU de rannchuidiú le comhtháthú eacnamaíoch agus aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí an gheilleagair. Meastar go dtiocfaidh an rannchuidiú is mó leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht araon as infheistíochtaí agus athchóirithe a bhaineann leis an nuálaíocht, an oideachas, lena n-áirítear scileanna digiteacha agus gairmoiliúint, dícharbónú na tionsclaíochta, digitiú fiontar, caipitliú gnólachtaí agus tithíocht, atá neartaithe anois. Tá coinne leis freisin go gcuirfidh bearta i gcaibidil REPowerEU le fás inbhuanaithe. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás na tacaíochta don gheilleagar glas, do scileanna glasa agus d'fhorbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh.
- (65) Leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU de rannchuidiú le comhtháthú sóisialta. Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe bearta suntasacha neartaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shóisialta sheanbhunaithe. Cumhdaítear leo sin freagrúlacht agus inrochtaineacht seirbhísí cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh, agus rochtain ar thithíocht inacmhainne agus shóisialta. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí sóisialta freisin trí réimse leathan seirbhísí sóisialta a sholáthar lena ndíreofar ar dhaoine scothaosta, ar dhaoine faoi mhíchumas, ar mhionlaigh eitneacha agus ar imircigh, agus trí chláir chomhtháite chun tacú le pobail faoi mhíbhuntáiste i limistéir uirbeacha dhíothacha. Le hathchóiriú nua, déanfar an córas sochar sóisialta a shimpliú chun a gcumhdach a éascú. I gcaibidil REPowerEU, cuideoidh Faireachlann Náisiúnta nua freisin chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. Tá infheistíochtaí breise i líonraí iompair phoiblí inbhuanaithe ábhartha freisin go háirithe d'oibríthe comaitéireachta atá faoi mhíbhuntáiste, agus treisíonn siad cearta saothair, go háirithe i gcás conarthaí neamhthipiciúla saothair atá nasctha leis an ngeilleagar digiteach. Cuideoidh na bearta sin le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a formhuiníodh ag Cruinniú Mullaigh Porto an 7 Bealtaine 2021 a bhaint amach agus meastar go rannchuideoidh siad le feabhas a chur ar leibhéal tháscairí an Scórchláir Shóisialta.
- (66) Treisítear freisin bearta atá dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga, amhail bearta chun cur le hacmhainn seirbhísí náiscoilleana agus cúraim leanaí. Táthar ag súil go

gcothóidh an plean téarnaimh agus athléimneachta athbhreithnithe institiúidí ardoideachais agus clárú i gcúrsaí oideachais threasaigh. Cruthaítear tithíocht bhreise do mhic léinn freisin. Tá bearta dírithe freisin ar thacaíocht bhreise a thabhairt do chomhtháthú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa chóras oideachais bunscoile agus meánscoile le húsáid acmhainní digiteacha i seomraí ranga, digitíú ábhair oideachais.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

- (67) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').
- (68) Thíolaic an Phortaingéil measúnú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' le haghaidh gach birt nua agus athbhreithnithe den phlean modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Léiríonn an fhaisnéis a chuirtear ar fáil go meastar go n-áiritheoidh an plean go gcomhlíonfar an prionsabal sin. Ina theannta sin, i gcás na mbeart sin lena gceanglaítear tionscadail a roghnú amach anseo, tugtar isteach coimircí sonracha ábhartha i ngarspriocanna agus spriocanna gaolmhara chun na críche sin.

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

- (69) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.
- (70) Le caibidil REPowerEU, rannchuidítear leis an gcuspóir a bhunaítear faoi Airteagal 21c (3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 trí athchóiriú chun nósanna imeachta ceadaithe a chúchóiriú, lena n-áirítear oiliúint a chur ar sheirbhísigh phoiblí a dhéileálann le foinsí in-athnuaite fuinnimh a cheadaíonn na nithe seo a leanas; ionad ilfhreastail a chruthú chun tionscadail in-athnuaite fuinnimh a cheadú; cur chun feidhme Plean Gníomhaíochta chun bithmheatán a fhorbairt chomh maith le sraith gníomhaíochtaí reachtacha chun glacadh bithmheatáin agus hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn agus a chumasú; scéim airgeadais a thabhairt isteach chun táirgeadh teicneolaíochtaí glan-nialasacha a chur chun cinn; infheistíocht atá ann cheana i ngás in-athnuaite a mhéadú; na hinfeistíochtaí san acmhainn stórála fuinnimh in-athnuaite. Scileanna glasa a fhorbairt; infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe, i bhfoirgnimh seirbhíse agus i bhfoirgnimh phoiblí; faireachlann náisiúnta a chruthú maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh chun faireachán a dhéanamh ar thithe i ngátar agus tacaíocht a thabhairt dóibh trí bheartais spriocdhírithe agus trí ionaid

⁵ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

ilfhreastail a bhunú, ar an leibhéal áitiúil, ar a dtabharfar samhlacha Spás Fuinnimh na Saoránach, chun cur chun feidhme idirghabhálacha éifeachtúlachta fuinnimh a éascú.

- (71) Le caibidil REPowerEU, rannchuidítear freisin leis an gcuspóir a bhunaítear faoi Airteagal 21c (3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241. I dteannta na n-athchóirithe réamhluaite maidir le Faireachlann Náisiúnta um Bochtaineacht Fuinnimh a bhunú agus samhlacha Spás Fuinnimh na Saoránach, tugann an Phortaingéil infheistíocht nua isteach chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí a fheabhsú, agus treisíonn sí infheistíochtaí i bhfoirgnimh chónaithe, agus i bhfoirgnimh seirbhíse.
- (72) Le caibidil REPowerEU, rannchuidítear freisin leis an gcuspóir a bhunaítear faoi Airteagal 21c (3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241 nuair a thugtar isteach na bearta seo a leanas. An infheistíocht ‘Dícharbónú an Tionscail’ a neartú, arb é is aidhm di tacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna tionsclaíocha chun a bpróisis a dhícharbónú, a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus fuinneamh in-athnuaite a ghlacadh. An infheistíocht réamhluaite chun maoiniú a dhéanamh ar tháirgeadh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus ar bhonneagar gaolmhar a rannchuidíonn leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú, amhail sreangú leictreach, trealamh speisialaithe oibriúcháin agus cothabhála agus teaschaidéil.
- (73) Le caibidil REPowerEU, rannchuidítear freisin leis an gcuspóir arna bhunú faoi Airteagal 21c (3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 leis na hinfeistíochtaí i stóráil leictreachais agus i ndícharbónú an iompair. Leis an infheistíocht i dtoilleadh stórála, is féidir bainistiú solúbtha a dhéanamh ar an gcóras leictreachais, go háirithe i bhfianaise leictriú an tionscail agus an iompair agus i bhfianaise an mhéadaithe ar tháirgeadh leictreachais in-athnuaite. Tacaíonn caibidil REPowerEU le ceannach busanna iompair phoiblí astaíochtaí nialasacha, stáisiún athluchtaithe/athbhreoslaithe a shuiteáil, chomh maith le bonneagar nua a thógáil le haghaidh iompar astaíochtaí nialasacha.
- (74) Le caibidil REPowerEU, rannchuidítear freisin leis an gcuspóir a bhunaítear faoi Airteagal 21c (3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 trí thairiscint gairmoiliúna a chruthú chun scileanna glasa a fhorbairt. Má chruthaítear ionad ilfhreastail chun tionscadail in-athnuaite fuinnimh a cheadúnú, cuirfear oiliúint ar sheirbhísigh phoiblí agus, dá bhrí sin, cuirfear leis an gcuspóir sin. Go hindíreach, leis an infheistíocht chun tacú leis an Tionscal Glas agus le méadú na n-infeistíochtaí i ngás in-athnuaite, rannchuideofar freisin le hoibrithe inniúlachtaí glasa a shealbhú.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

- (75) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.
- (76) Rannchuidíonn na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU leis an spleáchas ar bhreosláí iontaise a laghdú agus an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú trí tháirgeadh agus stóráil fuinnimh in-athnuaite a chothú; trí thacú le dícharbónú na tionsclaíochta agus trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh.
- (77) Is ionann costais iomlána mheasta na mbeart sin agus EUR 6.9 billiún san iomlán, arb ionann é agus 71 % de chostais mheasta chaibidil REPowerEU, os cionn na sprice táscaí de 30 %.
- (78) Cuireann na bearta a áirítear i gCaibidil REPowerEU chun borradh a chur faoi tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite le honnmhairí fuinnimh ghlain chuig áiteanna eile

san Eoraip freisin. Ar an gcaoi chéanna, meastar go gcuirfidh na bearta chun an tionscal a dhícharbónú le dícharbónú na hEorpa.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

- (79) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, tá suim airgid ag gabháil leo is ionann agus 41.2 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus 91.1 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.
- (80) Na bearta a laghdaítear mar gheall ar mhéaduithe costais, níl tionchar acu ar uaimhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas, cé go ndéantar iarracht shuntasach i gcaibidil REPowerEU tacú a thuilleadh leis an aistriú glas sa Phortaingéil. Cuireann na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí leis an spleáchas ar bhreosláí iontaise a laghdú, an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Ina theannta sin, meastar go mbeidh tionchar fadtéarmach ag na bearta sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) eangach leictreachais na Portaingéile a neartú chun aghaidh a thabhairt ar tháirgeadh agus ar dháileadh méadaithe fuinnimh, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite; (ii) trí stóráil fuinnimh a mhéadú; (iii) trí athruithe struchtúracha a thabhairt isteach ar an mbeartas fuinnimh agus, dá bhrí sin, na scrogaill atá ann cheana i nósanna imeachta um dheonú ceadanna do thionscadail fuinnimh in-athnuaite a laghdú.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

- (81) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a rannchuidíonn cuid mhór leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 21,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (82) Tá an measúnú dearfach maidir leis an rannchuidiú leis an aistriú digiteach a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 6 Iúil 2021 ón gComhairle fós bailí. Tar éis an athbhreithnithe, rannchuidíonn comhchuid bhreise leis an aistriú digiteach: Comhchuid 15: Soghluaisteacht inbhuanaithe le beart chun an córas iarnróid a dhigitiú.
- (83) Meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU leis an aistriú digiteach agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin trí ionad ilfhreastail digiteach a fhorbairt chun tionscadail fuinnimh in-athnuaite a cheadú agus faireachán a dhéanamh orthu. I gcomhréir le hAirteagal 21c(5) de Rialachán (AE) 2021/241, níl athchóirithe ná infheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU le cur san áireamh agus leithdháileadh iomlán an phlean á ríomh chun ceanglas na sprice digití a leagtar síos leis an Rialachán sin a chur i bhfeidhm.

Tionchar buan

- (84) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an bPortaingéil den chuid is mó.
- (85) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.7, a ghabhann leis, fuarthas amach go raibh coinne leis go mbeadh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh ar an bPortaingéil den chuid is mó.
- (86) Tá bearta nua agus athbhreithnithe comhlántach leis na bearta atá ann cheana agus cuirtear san áireamh leo géarchéim COVID-19, boilsciú agus suaitheadh sa slabhra soláthair. Cé go raibh tionchar ag an mboilsciú ar uaillmhian sé bheart, ní raibh tionchar aige ar éifeachtaí fadtéarmacha an phlean mhodhnaithe. Ina theannta sin, tugann na bearta nua agus modhnaithe aghaidh ar mholtaí a bhaineann go sonrach le Tír faoi leith agus is féidir coinne a bheith leis go mbeidh tionchar buan acu.
- (87) Le hathchóirithe nua, táthar ag súil go simpleofar na córais shóisialta agus sochair chánach, go gcuirfear feidhmíocht na n-oifigeach poiblí chun cinn, agus go ndéanfar an geilleagar ciorclach a chur chun cinn le bainistiú dramhaíola níos éifeachtúla. Meastar go gcuirfidh infheistíochtaí nua dlús le digitíú an riaracháin phoiblí, chun tacú leis an nuálaíocht theicniúil sa chóras náisiúnta cúraim sláinte agus, dá bhrí sin, chun cáilíocht na ndiagnóisí agus na gcóireálacha a mhéadú. Meastar freisin go méadóidh infheistíochtaí nua an soláthar intíre de lóistín inacmhainne do mhic léinn, rud a fhágfaidh go mbeidh rochtain níos fearr ar ardoideachas.

Faireachán agus cur chun feidhme

- (88) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na clocha míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.
- (89) Fuarthas amach sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.8, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 go raibh an plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh leordhóthanach (Rátáil A) chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.
- (90) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Go háirithe, is é tascfhórsa Recuperar Portugal fós a bhfuil an cúram air laistigh den Phortaingéil faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean agus ar a eagrú. Le teacht i bhfeidhm Rún Uimh. 93/2022 ó Chomhairle na nAireachtaí an 18 Deireadh Fómhair, chuir an tascfhórsa lena neamhspleáchas cinnteoireachta. Ina theannta sin, tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe, lena n-áirítear iad siúd atá i gcaibidil REPowerEU, soiléir

agus réalaióch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir.

Costúil

- (91) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an réasúnú sin meánach maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.
- (92) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.9, a ghabhann leis, fuarthas amach go raibh an réasúnú a tugadh maidir le méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta bhunaidh réasúnta agus inchreidte go measartha (Rátáil B), go raibh sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus go raibh sé i gcomhréir leis an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta náisiúnta a raibh coinne leis.
- (93) Ní dhéanann na meastacháin chostais a chuir an Phortaingéil ar fáil maidir leis an méadú ar a meastacháin ar chostais difear don chonclúid sin. Mhaígh an Phortaingéil méaduithe costais i gcás 69 mbeart agus fobheart. I gcás 67 mbeart agus fobheart, chuir an Phortaingéil modheolaíocht chomhchoiteann ar aghaidh maidir le méadú costais bunaithe ar shonraí oifigiúla boilscithe Eurostat (trí innéacs dhifriúla, do na blianta 2021 agus 2022) agus ar réamhaisnéis bhoilscithe an Choimisiúin Eorpaigh. Meastar go bhfuil an mhodheolaíocht atá molta ag an bPortaingéil réasúnta, ós rud é go bhfuil sí bunaithe ar staitisticí agus réamhaisnéisí oifigiúla maidir le boilsciú; agus cuirtear i bhfeidhm i gceart í. I gcás dhá cheann de na 69 mbeart agus fobheart, ríomhtar na méaduithe costais ar bhonn sonraí *ad hoc*. Baineann an dá bheart sin le tógáil na líne meitreo idir Odivelas – Loures agus cur i bhfeidhm an ardáin cabhlaigh. Meastar freisin go bhfuil na meastacháin sin ar mhéadú costais atá molta ag an bPortaingéil réasúnta toisc go bhfuil siad bunaithe ar staidéir neamhspleácha shonracha.
- (94) Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

- (95) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus meastar go seachnófar go héifeachtach leo cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chlár eile an Aontais. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i

gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶.

- (96) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.10, a ghabhann leis, measadh go raibh na socrúithe a mholtar ann leordhóthanach (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.
- (97) Le samhail rialachais phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile, a cruthaíodh le Dlí-Foraithne 29-B/2021 an 4 Bealtaine, sainítear ceithre leibhéal comhordaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta: 1. Leibhéal straitéiseach an chomhordaithe pholaitiúil, a áiríthíonn an Coimisiún Idir-aireachta don phlean téarnaimh agus athléimneachta; 2. Leibhéal faireacháin, a áiríthíonn an Coimisiún Náisiúnta Faireacháin; 3. Leibhéal an chomhordaithe theicniúil agus an fhaireacháin, a dhéanann an tascfhórsa ‘Recuperar Portugal’, an Gníomhaireacht um Fhorbairt agus um Chomhtháthú, I. P., agus Oifig Pleanála, Straitéise, Meastóireachta agus Caidrimh Idirnáisiúnta na hAireachta Airgeadais; 4. Leibhéal iniúcháireachta agus rialaithe, a áiríthíonn Coiste Iniúcháireachta agus Rialaithe. Ina theannta sin, d’fhoilsigh údaráis na Portaingéile Dlí-Foraithne 61/2023 an 24 Iúil chun leibhéil idirghabhála na gcomhlachtaí thuasluaite a shoiléiriú agus chun comhlíonadh éifeachtach a n-inniúlachtaí faoi seach a áirithiú, agus cumhachtaí an Choiste Faireacháin Náisiúnta agus an Choiste Iniúcháireachta agus Rialaithe a leathnú freisin. Tá bainistiú náisiúnta an phlean láraithe sa tascfhórsa Recuperar Portugal, an Comhlacht Comhordaithe, agus cuirtear a fhorghníomhú de chúram ar shraith eintiteas poiblí, a ghlacann freagrachtaí air féin maidir le hinfheistíochtaí a bhainistiú agus a chur chun feidhme ar leibhéal díláraithe.
- (98) Ó rinneadh an measúnú bunaidh, measúnú a bhí bunaithe ar an gcóras iniúcháireachta agus rialaithe atá beartaithe, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir lena chur chun feidhme iarbhír. Áirítear leis sin réamhthorthaí na hiniúcháireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais agus torthaí an iniúchta chomhcheangailte ar gharspriocanna agus spriocanna agus torthaí an iniúchta ar gharspriocanna agus spriocanna arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa Phortaingéil. I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile leordhóthanach ar an iomlán, ach tá roinnt easnamh ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu trí gharspriocanna tiomnaithe iniúcháireachta agus rialaithe. Baineann siad sin leis an easpa measúnaithe riosca calaoise agus leis an bplean gníomhaíochta ina dhiaidh sin ar leibhéal chomhlachtaí cur chun feidhme uile na Portaingéile agus leis na socrúithe neamhleora chun cros-seiceáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhaineann le cistí a fháil chun cistiú dúbailte a sheachaint agus a bhrath. Dá bhrí sin, ba cheart dhá gharsprioc nua maidir le hiniúcháireacht agus rialú a thabhairt isteach. Éilíonn an chéad gharsprioc leasú ar na conarthaí maoinithe idir an Comhlacht Comhordaithe agus na comhlachtaí cur chun feidhme chun oibleagáid dhlíthiúil a chur leis measúnú riosca calaoise a dhéanamh agus, i gcás ina sainaithnítear sa mheasúnú riosca calaoise rioscaí nach dtugtar aghaidh orthu leis na rialuithe atá ann cheana, plean gníomhaíochta a fhorbairt ina dhiaidh sin.

⁶ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas gearrálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

Éilítear leis an dara garsprioc cros-seiceálacha córasacha éifeachtacha a thabhairt isteach ar iarratais ar chistiú féideartha laistigh den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus idir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cláir eile de chuid an Aontais.

Comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta

- (99) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear go mór (Rátáil A) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.
- (100) Sa mheasúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.11, a ghabhann leis, measadh go n-áirítear go mór (Rátáil A) bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadal infheistíochta poiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.
- (101) Leanann na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí i ngach comhchuid den phlean modhnaithe de bheith comhsheasmhach agus treisíonn siad a chéile, agus tá sineirgí agus comhlántachtaí ann idir na comhchodanna. Ina theannta sin, tá caibidil REPowerEU go hiomlán i gcomhréir leis na bearta a úsáideadh faoin gcéad phlean téarnaimh agus athléimneachta chun tacú leis an aistriú glas agus treisíonn sí an uailmhian atá i gcuid acu, mar shampla dícharbónú an iompair phoiblí, athchóiriú fuinnimh foirgneamh poiblí, táirgeadh gás in-athnuaite. Tá caibidil REPowerEU bunaithe ar phacáiste comhsheasmhach d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí araon a threisíonn a chéile.

An próiseas comhairliúcháin

- (102) Mar ullmhúchán don phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, d'eagraigh údaráis na Portaingéile comhairliúchán poiblí foirmiúil idir an 6 agus an 21 Aibreán 2023 agus chuaigh siad i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara seo a leanas: an Buanchoiste um Idirphlé Sóisialta (*Comissão Permanente de Concertação Social*); an Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta (*Conselho Económico e Social*); na Coistí um Chomhordú agus um Fhorbairt Réigiúnach (*Comissões de Coordenação e Desenvolvimento Regional*); agus Cumann Náisiúnta na mBardas (*Associação Nacional de Municípios*). Cuireadh togra an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, faoi bhráid Pharlaimint na Portaingéile freisin an 19 Aibreán 2023. Ina theannta sin, d'eagraigh údaráis na Portaingéile seimineáir i réimsí an Fhuinnimh, an Taighde, na Nuálaíochta agus an Ardoideachais agus chuaigh siad i gcomhairle le Coimisiún Faireacháin Náisiúnta na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta.
- (103) Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin sin, mhol an Phortaingéil tacaíocht airgeadais do na hinfeistíochtaí seo a leanas i gCaibidil REPowerEU nó chuir sí leis an tacaíocht sin: Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus saoráidí poiblí; Córas dreasachtaí chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgeadh agus a stóráil; Iompar poiblí a dhícharbónú; Iarnród cáblach Nazaré agus Dícharbónú iompar poiblí ARM.
- (104) Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé rithábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i rith chur chun

feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU.

Measúnú dearfach

(105) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais agus iasachta neamh-iníochta le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Ranníocaíocht airgeadais

(106) Is é EUR 22 215 870 313 costais mheasta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Portaingéile lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Phortaingéil, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Portaingéile lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Portaingéile lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Is ionann an méid sin agus EUR 15 540 390 877, le EUR 70 676 917 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí i gcaibidil REPowerEU agus EUR 15 469 713 960 chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí eile sa phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(107) De bhun Airteagal 21d(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 26 Bealtaine 2023 chuir an Phortaingéil iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna chomhroinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 855 400 000 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Phortaingéil, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta bhreise atá ar fáil don Phortaingéil cothrom leis an sciar leithdháilte. Is ionann an méid sin agus EUR 703 364 724.

(108) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 4ú de Rialachán (AE) 2021/1755⁷, an 28 Feabhra 2022 chuir an Phortaingéil iarraidh réasúnaithe isteach chun a leithdháileadh sealadach uile atá fágtha a aistriú ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid, dar luach EUR 81 358 359. Ba cheart an méid sin a chur ar fáil chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí i gcaibidil REPowerEU mar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta bhreise.

(109) Ba cheart EUR 16 325 113 960 san iomlán a chur ar fáil don Phortaingéil ranníocaíocht airgeadais.

⁷ Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1).

Iasacht

(110) Ina theannta sin, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, tá tacaíocht iasachta iomlán de EUR 5 890 756 353 iarrtha ag an bPortaingéil. Ní iarrtar aon tacaíocht iasachta le haghaidh na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU. Is lú uasmhéid na hiasachta a d'iarr an Phortaingéil ná 6.8 % d'ollioncam náisiúnta na tíre do 2019 i bpraghsanna reatha. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don Phortaingéil, lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta, an t-ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸, agus na hacmhainní ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit.

Réamh-mhaoiniú REPowerEU

- (111) Tá an cistiú seo a leanas iarrtha ag an bPortaingéil chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: EUR 70 676 917 i bhfoirm ranníocaíochta airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11, aistriú EUR 81 358 359 ón leithdháileadh sealadach ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus EUR 703 364 724 ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- (112) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 3 Iúil 2023 d'iarr an Phortaingéil réamh-mhaoiniú 20 % den chistiú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Phortaingéil faoi réir theacht i bhfeidhm, agus de réir, comhaontú atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Phortaingéil de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ('an comhaontú maoinithe').
- (113) Cinneadh Cur Chun Feidhme ST ST 10149/2021 ón gComhairle; Dá bhrí sin ba cheart ST 10149/2021 ADD1 an 6 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Phortaingéil a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 6 Iúil 2021 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Portaingéile a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta,

⁸ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháiltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lgh. 32–46).

na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus na spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Phortaingéil i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta arb ionann í agus EUR 16 325 113 960.⁹ Áirítear ar an rannchuidiú sin:

- (a) beidh suim EUR 9 758 504 454 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;
- (b) beidh suim eile EUR 5 781 886 423 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;
- (c) suim EUR 703 364 724¹⁰, i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointe (a);
- (d) suim EUR 81 358 359, arna aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Phortaingéil i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 1 807 948 257 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear suim EUR 171 080 000 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.’;

(3) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

Airteagal 3 *Tacaíocht iasachta*

1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Phortaingéil arb ionann í agus uasmhéid EUR 5 890 756 353.

⁹ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Portaingéile de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.

¹⁰ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Portaingéile de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin, a asbhaint.

2. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht iasachta dá dtagraítear i mír 1 ar fáil don Phortaingéil i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 350 870 000 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.
3. Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.';

(4) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne:

Airteagal 4
Seolaí

Is ar Phoblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán